An Dáileadh Normalach

Má bhíonn dáileadh minicíochta an-mhór agus leanúnach, agus má éiríonn na heatraimh ranga beag go leor, déanann an dáileadh cuar réidh clogchruthach siméadrach.

An **dáilchuar normalach**, nó an **cuar normalach**, a thugtar air sin.



Tá **ais siméadrachta** síos tríd an lár ag an dáileadh seo.

Tá an mód, an t-airmheán agus an meán go léir cothrom le chéile.

Tá siad ar ais na siméadrachta.



Samplaí:

- Airde sampla randamach daoine.
- Sainuimhreacha intleachta (IQ) daonra.
- Torthaí Scrúdaithe na hArdteiste.